**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 151/2019**

**an 14 Meitheamh 2019**

**lena leasaítear Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE [2022/2143]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/729 ón gCoimisiún an 26 Feabhra 2018 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 273/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 111/2005 ón gComhairle a mhéid a bhaineann le réamhtheachtaithe drugaí áirithe a chur le liosta na substaintí sceidealaithe ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 15x (Rialachán (CE) Uimh. 273/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) de Chaibidil XIII d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE:

'- **32018 R 0729**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/729 ón gCoimisiún an 26 Feabhra 2018 (IO L 123, 18.5.2018, lch. 4).'

*Airteagal 2*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/729 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 15 Meitheamh 2019, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Meitheamh 2019.

*Thar ceann Chomhchoiste an LEE*
*An tUachtarán*
Claude MAERTEN

([1]) IO L 123, 18.5.2018, lch. 4.
(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.